# POBAL CHRÍOST RÍ
# GORT A' CHOIRCE

An tAth. Donnchadh Ó Baoill
(086) 603 1749 / (074) 91 35214
tpcr1906@gmail.com

**31ú Bealtaine 2026**

**www.pobalchriostri.ie / www.mcn.live**

**AIFRINN NA SEACHTAINE**

**30.05** Satharn 7 i.n.
Mary Anne McCafferty, An Bhealtaine
**31.05** Domhnach 9 r.n.
**31.05** Domhnach 11 r.n
**01.06** Luain 7 i.n.
**02.06** Máirt 10 r.n.
**03.06** Céadaoin 7 i.n.
**04.06** Déardaoin 7 i.n.
Anna Mhadge Mcclafferty, Dún Lúiche
**05.06** Aoine 7 i.n
Willie Coyle,An Mhínbhuí/San Francisco
**06.06** Satharn 11 r.n.
Margaret Sweeney,Bealtaine (Cuimh Míosa)
**An Chéad Satharn - Faoistin 10.15-11.00. Comaoineach. Paidrín. 15 bomaite ag machnamh ar Rún Diamhair an Chreidimh**
**07.06** Domhnach 9 r.n.
**07.06** Domhnach 11 r.n.
Peadar Conaghan,Mín Lárach

**BÁS LE GAIRID**
Rosaleen Smyth,Cill Ulta
John Joe Mc Cafferty, Glais a'Chú
**CUIMHNEACHÁIN BÁIS**
Micí Harkin,Mín Charraig

**THE IRISH CATHOLIC**
- Ar fáil ag cúl Theach a' Phobail achan tseachtain.
- Cuir €3.00 sa bhocsa bhán - tá siad ardaithe i bpraghas.

**AN PAIDRÍN/BEANNACHT NA NAOMHSHACRAIMINTE**
Dé Domhnaigh 7.00 i.n.

**CUMANN N. UINSIONN DE PÓL –** Iarrataisí ar chuidiú chuig: 087 1965933.

**PAIDRÍN**
Beidh paidrín ag Grotto Machaire Rabhartaigh achan Déardaoin i rith na Bealtaine @ 8.00 i.n.

**DÁTAÍ DON DIALANN**
26.07.2026–Seirbhís na Reiligí @2.00 i.n.

**CRUINNIÚ AIRGID**
Tógadh €1,535 an tseachtain s'chuaigh thart. Buíochas don phobal.

**DOMHNACH NA TRÍONÓIDE A**

**AN CHÉAD LÉACHT**
**Sliocht as leabhar Exodus 34:4-6, 8-9.**
Go luath ar maidin chuaigh Maois go Sliabh Sínai agus dhá leac cloiche leis ina lámha mar a d'ordaigh an Tiarna dó. Tháinig an Tiarna anuas i bhfoirm néil agus sheasaigh Maois ansin ina chuideachta. Ghlaoigh sé ar ainm an Tiarna. Chuaigh an Tiarna thart os a chomhair agus d'fhógair sé: "A Thiarna, a Thiarna, Dia na cinéaltachta agus na trócaire, is mall é chun feirge, lán de chinéaltas agus de dhílseacht." Shléacht Maois go talamh láithreach agus dúirt: "Má fuair mé gnaoi i do láthair, a Thiarna, tagadh mo Thiarna in éineacht linn, achainím ort. Is fíor gur pobal ceanndána iad, ach maith dúinn ár lochtanna agus ár bpeacaí agus glac linn mar d'oidhreacht."
" **Briathar an Tiarna.**
**FR. Buíochas do Dhia.**

**FREAGRA AN tSAILM**
Glóir agus moladh duit de shíor.

**AN DARA LÉACHT**
**Sliocht as dara litir Naomh Pól chuig na Coirintigh. 13:11-13.**
Slán agus beannacht agaibh, a bhráithre. Cuirigí dea-eagar ar bhur mbeatha. Bígí ar aon intinn agus i síochháin le chéile, agus beidh Dia na síochána agus an ghrá ag cuidiú libh. Tugaigí póg an mhuintearais dá chéile. Cuireann na Críostaithe uilig a mbeannacht chugaibh. Grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé agus cumann an Spioraid Naoimh libh go léir.

**Briathar an Tiarna.**
**FR. Buíochas do Dhia.**

**ALLELUIA**
**Alleluia, alleluia!**
Gloir don Athair, don Mhac agus don Spiorad Naomh, do Dhia, an té atá, a bhí agus atá le teacht. Alleluia!

**SOISCÉAL**
**Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Naomh Eoin. 3:16-18.**
San am sin dúirt Íosa le Nícodémas:
"Ghráigh Dia an domhan chomh mór sin
go dtug sé a Aonghin Mhic uaidh i dtreo gach duine a chreideann ann nach gcaillfí é ach go mbeadh an bheatha shíoraí aige. Óir ní chun breithiúnas a thabhairt ar an saol a chuir Dia a Mhac ar an saol
ach chun go slánófaí an saol tríd.
An té a chreideann ann ní thabharfar daorbhreith air,

ach an té nach gcreideann ann tá daorbhreith tugtha air cheana féin, mar nár chreid sé in ainm Mhic Dé, a Aonghin. **FR. Moladh duit, a Chríost.**

**FÓGRAÍ DON NUACHTLITIR** Duine ar bith ar mhaith leo fógra a chur sa nuachtlitir, thig leo a bhfógra a chur chuig tpcr1906@gmail.com roimh an cúig a chlog Dé Céadaoine.

**Rúndiamhair an Chreidimh**
Gach uair a ithimid an t-arán seo
agus a ólaimid an chailís seo,
fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

**HALLA NA PARÓISTE**
Jeighbheáil le James Luan 8.00-9.30i.n. *Tosaitheoirí 8.00-8.30i.n.*
Ranganna Comhaltas (Ceol uirlise traidisiúnta) Luan 5.00-8.00i.n.
Bollaí(bowls)Dé Domhnaigh & Dé Máirt 7-12
Traenáil Circuits Luan agus Céadaoin 6.30 i.n.- 7.30 i.n.
Slimming World Déardaoin 7.30 r.n. - 9.00 r.n.
Banna Ceoil Déardaoin 6.30 i.n. -8.30

**TACAÍOCHT / COMHAIRLEOIREACHT** Má tá tacaíocht de dhíth ort féin nó ar dhuine ineacht ar d'eolas maidir le cosaint pháistí nó le mí-úsáid pháistí i gcás dhuine de lucht oibre na hEaglaise téigh i dteagmháil leis an Phearsa Chúraim Thréadaigh - (OLP) Seirbhís Cosaint Pháistí Ráth Bhoth. Margaret Northage 086 2183011
**MÁITHREACHA BREITHE** Tá eolas agus tacaíocht ar fáil do mháithreacha a raibh a bpáistí uchtaithe (adopted) ar www.birthinfo.ie ná ag TUSLA ar +353 818 445 500.
**TACAÍOCHT AR FÁIL** An bhfuil tú ag iompar clainne agus ar mhaith leat tacaíocht? Thig linn measúnaithe toirchis, scrúdú toirchis, ultrafhuaime a chur ar fail ná tacaíocht a thabhairt i ndiaidh ginmhilleadh. Tuilleadh eolais: (089) 246 9599
**Narcotics Anonymous** 087 4045030 / 00447810172991
**AA (Alcoholics Anonymous)** 087 6273596
**AL ANON** 018732699. info@al-anon-ireland.or

**CLÉIRIGH**
**Dé Sathairn** 30/05 @ 7.00: Brídann Ní Ghallachóir
**Dé Domhnaigh** 31/05 @ 9.00:
**Dé Domhnaigh** 31/05 @ 11.00: Lucia, Marianna, Patrick Ryder & Elena Nic Aoidh

**Dé Sathairn** 04/06 @ 7.00 Brídann Ní Ghallachóir
**Dé Domhnaigh** 05/06 @ 9.00: Iarla, Naoise agus Paddy Ó Ceallaigh
**Dé Domhnaigh** 05/06 @ 11.00: Jenna Nic Fhionnlaoich

**LÉITHEOIRÍ - Meitheamh**
Dé Sathairn @ 7 i.n. Eibhlín Ní Chuireáin (Scanlon)
Dé Domhnaigh @ 9 r.n. Dolores Mhic Géidigh
Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Séamus Ó Briain
**MINISTRÍ EOCAIRISTEACHA - Meitheamh**
Dé Sathairn @ 7 i.n. Tom Feeney & Nóra Coyle
Dé Domhnaigh @ 9 r.n.Bríd Mc Curry & Nóirín Nic Aoidh
Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Séamus Ó Briain & Pearse O'Reilly

**BANC BIA CHLOICH CHEANN FHAOLA**
Tá am deacair ann do go leor daoine faoi láthair. Má tá tú ag streachailt le bia a chur ar an tábla, tá Banc Bia Chloich Cheann Fhaola CLG anseo le cuidiú leat. Téigh i dteagmháil linn le do thoil:
Déan teagmháil le hEilish: Glaoigh nó téacsáil 085 756 0177
Ríomhphost: ccffoodbank2@gmail.com
Tar isteach: Achan Déardaoin, 10rn – 12in, ag Halla Áras Begley, An Fál Carrach.

**CUARTAÍOCHT BHAILE**
Dhéanfaidh an tAth. Donnchadh cuairt a thabhairt ar na seandaoine agus na daoine tinne, trathnóna Dé Luain, Dé Céadaoine agus Dé hAoine seo chugainn:

**Dé Luain:** Cill Ulta, Doire Chonaire
**Dé Céadaoine:** Machaire Rabhartaigh, Mín Lárach
**Dé hAoine:** Sruthán, Gort a' Choirce, Fána Bhuí, An Bhealtaine, An Cheathrúin, An Ardaidh Mhór, An Ardaidh Bheag

**ADHRADH NA NAOMHSHACRAIMINTE -**
Dé Máirt 10.30 r.n - 7.00 i.n.
PAIDRÍN (CHAPLET) THRÓCAIRE DÉ - Dé Máirt 7.00 i.n.
PAIDRÍN NA NAOMHSHACRAIMINTE Dé Domhnaigh 7.00 i.n

**Dáta Stairiúil**
Ar an Aoine, 29ú lá de Bhealtaine 2026, beidh sé seasca bliain ó coisriceadh an Grotto ar an Ardaí Bheag.
Beidh paidrín ag an scrín níos maille sa tsamhradh le ceiliúradh a dhéanamh ar an ocáid.

**SLÓGADH DEN PHAIDRÍN**
CNOC MHUIRE Satharn 6ú/Meitheamh
Seirbhís leighis,caint,Paidrín agus Aifreann Naofa

**TAE AGUS COMHRÁ**
Beidh tae agus comhrá i dTeach a' Cheoil Dé Domhnaigh 31/05 ag 11.30 - 1 i.n. Fáilte roimhe gach duine.

**IONAD POBAIL MHACHAIRE RABHARTAIGH**
Cruinniú Cinn Bliana 11/06/2026
Beidh fáilte roimh an Phobal uilig
Dé Luain: Glígíní (Grúpa Tuismitheorí & Tachráin) 10-11.30 r.n.
Dé Máirt Damhsa Líne @ 6.30 -8
Dé Céadaoine: Mná Phort Mhaise @ 10-12 r.n
Déardaoin: Aeróbaice Chathaoir @ 11-12 i.n. Aeróbaic Chéime @ 12-12.30
Bhain Fred Sharkey, Moyra €130 ar an 50/50, comhghairdeachas.
Tarraingt achan Déardaoin @7.00 i.n. Tuilleadh eolais ar Facebook ná ar 074 9135556/083 07692

**Seanscoil Ghort a' Choirce**
Tá coiste curtha ar bun le bail a chur ar an Seanscoil i nGort a'Choirce. Mar chuid den taighde, beidh muid ag cuartú tuairimí an phobail fá cén dóigh a dtiocfadh linn, mar phobal, an tSeanscoil a úsáid dá mbeadh sé uilig cóirithe. Beidh suirbhé ag teacht amach i gceann traidhfil seachtaine agus tá muid ag iarraidh tacaíocht an phobail leis seo le go dtig linn iarratas láidir a dhéanamh ar na deontais atá ar fáil.
Tuilleadh eolais amach anseo.

**BUÍON CHEOIL (SÓISEAR)**
Lotto:Níor imigh an póta óir! Comhghairdeachas le Kathleen Brady, Bridie Mc Connell agus Gretta Scott a bhain €50 an duine.B'iad : 2-3-6-12-13-14 na huimhreacha.Póta óir anois €3,650